2024/2759

25.10.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2759 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Iúil 2024

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an uair nach n-úsáidfear díorthaigh ach amháin chun na rioscaí ar gné dhílis iad d'infheistíochtaí eile de chuid an chiste infheistíochta fadtéarmaí Eorpaigh (ELTIF) a fhálú, na ceanglais maidir le beartas fuascailte agus uirlisí bainistithe leachtachta ELTIF, na himthosca chun iarrataí ar aistriú ó aonaid nó ó scaireanna ELTIF a mheaitseáil, critéir áirithe chun sócmhainní ELTIF a dhiúscairt, agus eilimintí áirithe den nochtadh costas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(3), an tríú fomhír, Airteagal 18(6), an ceathrú fomhír, Airteagal 19(5), an tríú fomhír, Airteagal 21(3), an tríú fomhír, agus Airteagal 25(3), an ceathrú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi Airteagal 9(2), pointe (d), de Rialachán (AE) 2015/760, tá toirmeasc ar chistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha (ELTIFanna) ionstraimí díorthacha airgeadais a úsáid, ach amháin i gcás nach bhfuil de chuspóir ag úsáid ionstraimí den sórt sin ach na rioscaí ar gné dhílis iad d'infheistíochtaí eile an ELTIF a fhálú. Na hionstraimí sin a gcomhfhreagraíonn a n-ionstraimí foluiteacha do na sócmhainní a bhfuil nó a mbeadh neamhchosaintí ag ELTIF orthu, sin iad na hionstraimí díorthacha airgeadais ar cheart a mheas nach bhfuil de chuspóir acu ach na rioscaí ar gné dhílis iad d'infheistíochtaí eile de chuid an ELTIF a fhálú. I gcásanna áirithe, áfach, d'fhéadfadh sé nach mbeadh aon ionstraim dhíorthach airgeadais ar fáil chun neamhchosaint ar shócmhainn shonrach a fhálú. I gcás mar sin, ba cheart a bheith in ann an neamhchosaint sin a fhálú trí úsáid a bhaint as ionstraim dhíorthach airgeadais a mbaineann a hionstraimí foluiteacha leis an gcineál sócmhainní céanna, nó le cineál sócmhainní atá comhchosúil go heacnamaíoch, leis an ionstraim dhíorthach airgeadais a gcomhfhreagraíonn a hionstraimí foluiteacha do na sócmhainní a bhfuil nó a mbeadh neamhchosaintí ag ELTIF orthu. Chun a áirithiú nach bhfuil de chuspóir ag úsáid ionstraimí díorthacha airgeadais ach na rioscaí ar gné dhílis iad d'infheistíochtaí eile ELTIF a fhálú, leis na hionstraimí díorthacha airgeadais a úsáidtear ba cheart an riosca lena mbaineann a laghdú go héifeachtach. Dá bhrí sin, ba cheart an laghdú riosca a bheith infhíoraithe trí chórais lena sainaithnítear na rioscaí atá le maolú agus an chaoi a maolódh an díorthach airgeadais an riosca sin.

(2) Is féidir leis na hionstraimí foluiteacha agus a bpróifíl leachtachta tionchar a imirt ar an ELTIF agus ar chineál fadtéarmach an ELTIF. Is gá a áirithiú go bhfuil ailíniú agus comhleanúnachas ann idir straitéis infheistíochta ELTIF agus a phróifíl leachtachta agus beartas fuascailte ELTIF. Agus measúnú á dhéanamh ag bainisteoir ELTIF i dtaobh an bhfuil saolré ELTIF comhoiriúnach le saolréanna gach ceann de shócmhainní aonair an ELTIF, dá dtagraítear in Airteagal 18(3) de Rialachán (AE) 2015/760, ba cheart dó próifíl leachtachta gach ceann de shócmhainní aonair an ELTIF, próifíl leachtachta phunann an ELTIF ar bhonn ualaithe, an t-uainiú maidir leis na sócmhainní aonair sin a fháil, agus luacháil na sócmhainní aonair sin a mheas. Ós rud é go bhféadfadh fuascailtí difear a dhéanamh do shócmhainní agus do dhliteanais agus do leachtacht ELTIF, ba cheart do bhainisteoir ELTIF lena ndéantar foráil maidir leis an bhféidearthacht fuascailtí a dhéanamh le linn shaolré an ELTIF, ba cheart dó breithniú a dhéanamh freisin ar bheartas fuascailte an ELTIF sin agus measúnú á dhéanamh aige i dtaobh an bhfuil saolré ELTIF comhoiriúnach le saolréanna gach ceann de shócmhainní aonair an ELTIF.

([1]) IO L 123, 19.5.2015, lch. 98, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/760/oj.

(3) Faoi Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2015/760, tá bainisteoir an ELTIF, tráth an údaraithe agus ar feadh shaolré an ELTIF, in ann a léiriú d'údarás inniúil an ELTIF go bhfuil beartas iomchuí fuascailte agus uirlisí bainistithe leachtachta i bhfeidhm ag an ELTIF atá comhoiriúnach le straitéis infheistíochta fadtéarmaí an ELTIF. Bealach amháin chun an cuspóir sin a bhaint amach is ea anailís a dhéanamh ar na torthaí, ar na toimhdí agus ar na hionchuir a úsáidtear le haghaidh tástálacha struis leachtachta nuair a dhéantar iad sin i gcomhréir le hAirteagal 15(3), pointe (b), nó Airteagal 16(1) de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Ba cheart go gcuirfeadh torthaí na hanailíse sin ar a gcumas do bhainisteoirí ELTIFanna a léiriú an bhfuil an ELTIF in ann déileáil le hiarrataí ar fhuascailt agus conas atá sé in ann déileáil leo, i gcásanna atá tromchúiseach ach sochreidte. Ba cheart go gcuirfeadh na torthaí sin ar a gcumas do na húdaráis inniúla freisin measúnú a dhéanamh ar na cásanna sin ó thaobh na sócmhainní agus na ndliteanas de, lena n-áirítear suaití maidir le fuascailt agus comhthaobhacht, agus an laghdú ar luach na sócmhainní sna cásanna struis sin.

(4) De ghnáth, leis an íostréimhse shealbhaíochta, más ann di, dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2015/760, is féidir le ELTIF infheistíocht a ranníocaíochtaí caipitil a thabhairt i gcrích. Dá bhrí sin, leis an íostréimhse shealbhaíochta, más ann di, ba cheart an ELTIF a bheith in ann an aidhm sin a bhaint amach. Mar sin féin, ní shonraítear le Rialachán (AE) 2015/760 fad na n-íostréimhsí sealbhaíochta, ná an ceanglas maidir leo, agus ceanglaítear leis go gcinnfidh bainisteoir ELTIF an íostréimhse shealbhaíochta bunaithe ar shraith de chritéir áirithe. Dá bhrí sin, agus an íostréimhse shealbhaíochta sin á cinneadh, ba cheart do bhainisteoir an ELTIF imthosca an ELTIF a chur san áireamh.

(5) Maidir le ELTIFanna lena bhforáiltear go bhféadfaí fuascailtí a dhéanamh le linn a saolré i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2015/760, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil ELTIFanna agus a n-infheisteoirí, ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndéantar an beartas fuascailte a áireamh i gcónaí sna hairteagail chorpraithe i roinnt Ballstát. Is é is cúis leis sin gurb iondúil go sonraítear leis na hairteagail chorpraithe i roinnt Ballstát cuspóir na cuideachta nó an chiste, a oifig chláraithe, a chruinnithe ginearálta, cumhachtaí an bhoird stiúrthóirí agus sonraí eile a bhaineann le heagrú ELTIF, ach nach sonraítear leo na beartais ná na nósanna imeachta arna gcur chun feidhme ag tríú páirtí, lena n-áirítear an bainisteoir cistí infheistíochta malartacha (BCIM) a bhainistíonn an ciste. Ar mhaithe le trédhearcacht agus le cosaint infheisteoirí, ba cheart do bhainisteoir ELTIF íosmhéid áirithe faisnéise a sholáthar d'údarás inniúil an ELTIF, ar faisnéis í lena léirítear go bhfuil beartas fuascailte iomchuí agus uirlisí bainistithe leachtachta iomchuí i bhfeidhm ag an ELTIF atá comhoiriúnach le straitéis infheistíochta fadtéarmaí an ELTIF.

(6) Le hAirteagal 16(1) de Threoir 2011/61/AE, ceanglaítear ar BCIManna, agus dá bhrí sin ar bhainisteoirí ELTIFanna freisin, córas bainistithe leachtachta iomchuí a úsáid, nósanna imeachta a ghlacadh lena gcuirtear ar a gcumas dóibh faireachán a dhéanamh ar a riosca leachtachta, agus ailíniú straitéis infheistíochta, phróifíl leachtachta agus bheartas fuascailte an ELTIF a áirithiú. Chuige sin, ba cheart an deis a bheith ag bainisteoir ELTIF uirlis bainistithe leachtachta frithchaolúcháin amháin nó níos mó nó uirlisí bainistithe leachtachta eile a roghnú agus a chur chun feidhme, dá rogha féin. Ós rud é gur féidir ELTIFanna a mhargú le hinfheisteoirí miondíola agus chun gur féidir ardchaighdeán sláine margaidh a bheith ann, ba cheart do bhainisteoir an ELTIF, i gcás ina roghnaíonn sé uirlisí bainistithe leachtachta eile, ba cheart dó an fhaisnéis maidir le rogha na n-uirlisí bainistithe leachtachta agus a n-oiriúnacht i gcomhthéacs an ELTIF a sholáthar d'údarás inniúil an ELTIF, arna iarraidh sin don údarás sin.

(7) Ba cheart ELTIFanna a bheith in ann straitéisí infheistíochta i sócmhainní fadtéarmacha a chur chun feidhme, lena gceanglaítear gur féidir an leachtacht uasta atá le tairiscint in ELTIF a chinneadh agus go laghdófar an dóchúlacht go gcuirfear ELTIF ar fionraí. Ar an gcúis sin, ba cheart do bhainisteoir ELTIF an srian fuascailte a leagtar síos in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2015/760 a chur chun feidhme ar bhealach lena n-áirithítear go mbeidh fuascailtí teoranta do chuid de na sócmhainní leachtacha agus go seachnófar neamhréireanna leachtachta. Chun cosaint éifeachtach shócmhainní fadtéarmacha an ELTIF a áirithiú agus chun a áirithiú go gcosnófar leasanna na n-infheisteoirí uile ina dhiaidh sin, ba cheart raon leathan cásanna agus cineálacha éagsúla cásanna a bheith i gceist leis an úsáid a bhainfear as srianta fuascailte, lena n-áirítear cásanna anáis sa mhargadh.

([2]) Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/61/oj).

(8) Agus measúnú á dhéanamh ar an gcéatadán dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2015/760, ba cheart do na húdaráis inniúla an éagsúlacht ELTIFanna, a bpróifíl leachtachta, an tréimhse fógra más ann di, agus minicíocht fhuascailtí an ELTIF agus an sreabhadh airgid ionchasach a chur san áireamh, *inter alia*, ar bhealach coimeádach. Dá bhrí sin, níor cheart d'údaráis inniúla sreabhadh airgid dearfach ionchasach a chur san áireamh ach a mhéid atá ardleibhéal cinnteachta ann go dtiocfaidh na sreafaí airgid dearfacha sin chun cinn. Dá bhrí sin, níor cheart d'údaráis inniúla a mheas gur sreabhadh airgid dearfach ionchasach é an fhéidearthacht gur féidir le ELTIF sócmhainní infheistíochta fadtéarmaí incháilithe a dhiúscairt nó an fhéidearthacht gur féidir le ELTIF caipiteal a thiomsú trí shíntiúis nua.

(9) Ba cheart do bhainisteoir an ELTIF an céatadán dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2015/760 a chinneadh ar bhonn mhinicíocht na fuascailte agus uasfhad na tréimhse fógra, arb é an tréimhse fógra é, lena n-áirítear síneadh na tréimhse fógra, más ann di, nó, de rogha air sin, ar bhonn mhinicíocht na fuascailte agus íoschéatadán na sócmhainní leachtacha. Sa dá chás, féadfaidh bainisteoir an ELTIF smaoineamh ar thréimhse fógra a thabhairt isteach mar chuid den bheartas fuascailte. Chun calabrú na bparaiméadar leachtachta ag bainisteoir an ELTIF agus maoirseacht éifeachtach ag an údarás inniúil a éascú, ba cheart an comhfhogasú líneach a úsáid chun uaschéatadán na sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2015/760 a chinneadh i gcás nach gcomhfhreagraíonn minicíocht na fuascailte nó an tréimhse fógra do na paraiméadair a leagtar amach sna táblaí calabrúcháin a sholáthraítear do bhainisteoir an ELTIF.

(10) I gcás ina dtiteann méid shócmhainní leachtacha an ELTIF faoi bhun tairseacha sainithe áirithe, go háirithe, i bhfianaise luaineachtaí i luach sócmhainní nó thionchar na bhfuascailtí, ba cheart do bhainisteoir an ELTIF, laistigh de thréimhse ama iomchuí, cibé bearta is gá a dhéanamh chun íoschéatadán na sócmhainní leachtacha a athbhunú, agus aird chuí á tabhairt ar leasanna na n-infheisteoirí san ELTIF agus ar straitéis infheistíochta fadtéarmaí an ELTIF.

(11) Chun leachtacht agus inaistritheacht aonad nó scaireanna ELTIFanna a áirithiú, níor cheart a mheas go dtoirmeasctar cineálacha eile aistrithe tánaisteacha leis an bhféidearthacht iarrataí ar aistriú a mheaitseáil, dá dtagraítear in Airteagal 19(2a) de Rialachán (AE) 2015/760, ar choinníoll nach dtoirmeasctar aistrithe den sórt sin le beartas meaitseála iarrataí an ELTIF agus ar choinníoll go gcomhaontaítear an fhéidearthacht sin go sainráite idir na hinfheisteoirí aistritheacha.

(12) I ndáil leis an bhféidearthacht iarrataí ar aistriú a mheaitseáil, dá dtagraítear in Airteagal 19(2a) de Rialachán (AE) 2015/760, nár cheart a mheas, chun críocha an Rialacháin seo, gur córas iltaobhach í, agus i ndáil leis an bhféidearthacht fuascailtí a dhéanamh le linn shaolré an ELTIF dá dtagraítear in Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2015/760, is gá ceanglais áirithe a shonrú a bhaineann le feidhmiú mheaitseáil na n-iarrataí ar aistriú.

(13) Chun an dóchúlacht a laghdú go mbeidh praghas arbatráiste idir glanluach sócmhainní aonaid nó scaireanna ELTIFanna a thrádáiltear ar mhargadh tánaisteach agus iad siúd a mheaitseáiltear trí iarrataí ar aistriú a mheaitseáil, i gcás nach bhfuil an praghas forghníomhaithe bunaithe ar ghlanluach sócmhainne an ELTIF, ba cheart an praghas forghníomhaithe a chinneadh lasmuigh de dhátaí luachála an ELTIF.

(14) De bhun Airteagal 19(2a), pointe (b), de Rialachán (AE) 2015/760, i gcás ina bhfuil neamhréir idir infheisteoirí imeachta agus infheisteoirí féideartha, tá an mheaitseáil le déanamh ar bhonn *pro rata*. Chun feidhmiú éifeachtach mheaitseáil na n-iarrataí agus muinín na n-infheisteoirí astu a áirithiú, ba cheart an deis a thabhairt d'infheisteoirí a n-orduithe a athshonrú, a n-iarrataí meaitseála iarmharacha a fhágáil i bhfeidhm in oirchill meaitseáil sa todhchaí, nó a leas meaitseála iarmharach nó a leas meaitseála gan íoc a tharraingt siar.

(15) I roinnt Ballstát, is iondúil go gcinntear leis na rialacha nó na hionstraimí corpraithe cuspóir na cuideachta nó an chiste, a oifig chláraithe, a chruinnithe ginearálta, cumhachtaí an bhoird stiúrthóirí agus sonraí eile a bhaineann le heagrú an eintitis dhlítheanaigh, ach nach sonraítear leo na beartais ná na nósanna imeachta arna gcur chun feidhme ag tríú páirtí, amhail an BCIM a bhainistíonn an ciste. Thairis sin, ní fhéadfaí i gcásanna áirithe na sonraí uile sin a chur isteach i rialacha nó in ionstraimí corpraithe ELTIF, go háirithe i gcás bratchistí a bhfuil fochistí difriúla éagsúla acu.

(16) Gan beann ar an gcaoi a ndéanann ELTIF foráil maidir leis an bhféidearthacht iarrataí a lánmheaitseáil nó a pháirtmheaitseáil, ar mhaithe le hardleibhéal cosanta infheisteoirí, ba cheart faisnéis áirithe a bhaineann le formáid, nósanna imeachta, coinníollacha agus uainiú na meaitseála a bheith sa bheartas meaitseála iarrataí arna chur i bhfeidhm ag bainisteoir ELTIF.

(17) Is gá ardleibhéal faisnéise a áirithiú maidir leis an margadh féideartha agus lena rannpháirtithe a d'fhéadfadh a bheith ina gceannaitheoirí ionchasacha i dtaobh shócmhainní diúscartha an ELTIF, ar faisnéis í a d'fhéadfadh a bheith neamhleachtach agus neamhghnách. Dá bhrí sin, leis an measúnú ar an margadh do cheannaitheoirí ionchasacha dá dtagraítear in Airteagal 21(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2015/760, ba cheart rioscaí margaidh a chur san áireamh, agus ar an gcaoi sin measúnú a dhéanamh, *inter alia*, i dtaobh an bhfuil ceannaitheoirí ionchasacha ag brath ar iasachtaí a fháil ó thríú páirtithe, an bhfuil riosca neamhleachtachta ann maidir leis na sócmhainní roimh an díolachán, an bhfuil rioscaí ann a bhaineann le hathruithe polaitiúla nó le hathruithe reachtacha, lena n-áirítear athchóirithe fioscacha, agus an bhfuil riosca ann go dtiocfaidh meath ar an staid eacnamaíoch sa mhargadh atá ábhartha do shócmhainní ELTIF.

(18) Is féidir do theagmhais mhargaidh athrú ábharach a dhéanamh ar luacháil shócmhainní an ELTIF agus ar an gcaoi sin is féidir dóibh difear a dhéanamh do leasanna infheisteoirí. Dá bhrí sin, ba cheart luacháil na sócmhainní atá le dídhílsiú dá dtagraítear in Airteagal 21(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2015/760 a dhéanamh ag pointe ama atá gar go leor do thús dhiúscairt na sócmhainní. Chun ualaí míchuí ar an ELTIF a sheachaint agus chun feidhmiú costéifeachtach an ELTIF a áirithiú, rud a théann chun tairbhe do gach infheisteoir in ELTIF, níor cheart a cheangal ar ELTIF athluacháil a dhéanamh ar na sócmhainní sin, arb ELTIF é a rinne na sócmhainní sin a luacháil cheana i gcomhréir le Treoir 2011/61/AE tráth atá gar go leor do thús dhiúscairt na sócmhainní sin.

(19) Chun cur chuige coiteann a áirithiú i ndáil le nochtadh na gcostas a bhaineann le hinfheistiú in ELTIF, ba cheart na costais uile a íocann infheisteoirí go díreach nó go hindíreach a chuimsiú i nochtadh costas den sórt sin. Is gá a shonrú gur cheart a chuimsiú leis na costais dáileacháin na costais riaracháin, rialála, seirbhíse gairmiúla agus iniúchóireachta uile a bhaineann le dáileadh agus is gá foráil a dhéanamh maidir le sainmhínithe, modheolaíochtaí ríofa agus formáidí láithreoireachta comhchoiteanna na gcostas sin.

(20) De bhun Airteagal 2, an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) 2023/606 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), féadfaidh ELTIFanna, a údaraíodh roimh an 10 Eanáir 2024, a roghnú a bheith faoi réir an Rialacháin sin. Dá réir sin, ba cheart ELTIFanna nach roghnaíonn a bheith faoi réir Rialachán (AE) 2023/606 leanúint de bheith faoi réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/480 ón gCoimisiún ([4]).

(21) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí faoi bhráid an Choimisiúin.

(22) Rinne an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]),

([3]) Rialachán (AE) 2023/606 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/760 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais a bhaineann le beartais infheistíochta agus coinníollacha oibriúcháin cistí infheistíochta fadtéarmacha Eorpacha agus a mhéid a bhaineann le raon feidhme sócmhainní infheistíochta incháilithe, na ceanglais maidir le comhdhéanamh agus éagsúlú punainne, agus iasachtaíocht airgid thirim agus rialacha ciste eile (IO L 80, 20.3.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/606/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/480 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir le hionstraimí airgeadais díorthacha a fhónann chun críoch fálaithe amháin, fad leordhóthanach shaolré na gcistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha, critéir mheasúnaithe don mhargadh do cheannaitheoirí ionchasacha agus luacháil na sócmhainní atá le dídhílsiú, agus cineálacha agus saintréithe na saoráidí atá ar fáil d'infheisteoirí miondíola (IO L 81, 23.3.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2018/480/oj).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ionstraimí díorthacha airgeadais a úsáid chun críoch fálaithe agus chun na gcríoch sin amháin

Ní bheidh de chuspóir ag úsáid ionstraimí díorthacha airgeadais ach na rioscaí ar gné dhílis iad d'infheistíochtaí eile an ELTIF a fhálú i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá an úsáid a bhaintear as ionstraimí díorthacha airgeadais:

(i) iomchuí go heacnamaíoch i gcás ELTIF ar an leibhéal ELTIF;

(ii) comhsheasmhach le próifíl riosca an ELTIF;

(b) is é is aidhm d'úsáid na n-ionstraimí díorthacha airgeadais laghdú infhíoraithe a dhéanamh ar na rioscaí ar an leibhéal ELTIF;

(c) maidir le hionstraimí foluiteacha na n-ionstraimí díorthacha airgeadais, is sócmhainní iad a bhfuil ELTIF neamhchosanta orthu, nó, i gcás nach bhfuil fáil ar na hionstraimí díorthacha airgeadais chun na rioscaí a eascraíonn as an neamhchosaint ar shócmhainní den sórt sin a fhálú, is den chineál sócmhainní céanna nó de chineál sócmhainní atá comhchosúil go heacnamaíoch iad ionstraimí foluiteacha na n-ionstraimí díorthacha airgeadais.

Chun críocha phointe (b), déanfaidh bainisteoir an ELTIF gach beart réasúnach chun a áirithiú go ndéanfar na rioscaí ar an leibhéal ELTIF, lena n-áirítear i ndálaí anáis sa mhargadh, a laghdú leis na hionstraimí díorthacha airgeadais a úsáidtear chun na rioscaí ar gné dhílis iad d'infheistíochtaí eile an ELTIF a fhálú.

Airteagal 2

Imthosca ina bhfuil saolré ELTIF comhoiriúnach le saolréanna gach ceann dá shócmhainní aonair

Agus measúnú á dhéanamh aige i dtaobh an bhfuil saolré ELTIF comhoiriúnach le saolréanna gach ceann de shócmhainní aonair an ELTIF, dá dtagraítear in Airteagal 18(3) de Rialachán (AE) 2015/760, cuirfidh bainisteoir ELTIF an méid seo a leanas uile san áireamh:

(a) próifíl leachtachta gach ceann de shócmhainní aonair an ELTIF;

(b) próifíl leachtachta phunann an ELTIF, ar bhonn ualaithe;

(c) uainiú na fála agus diúscairt gach ceann de shócmhainní aonair an ELTIF, arna measúnú i gcomhthéacs shaolré eacnamaíoch na sócmhainní, agus shaolré an ELTIF;

(d) cuspóir infheistíochta an ELTIF;

(e) i gcás ina ndéanann ELTIF foráil maidir leis an bhféidearthacht fuascailtí a dhéanamh le linn shaolré an ELTIF, beartas fuascailte an ELTIF;

(f) riachtanais bainistithe airgid agus sreabhadh airgid ionchasach agus dliteanais ionchasacha an ELTIF;

(g) an fhéidearthacht neamhchosaint an ELTIF ar shócmhainní aonair an ELTIF a thar-rolladh, nó deireadh a chur léi;

(h) fáil a bheith ar luacháil iontaofa, fhónta agus cothrom le dáta ar na sócmhainní i bpunann an ELTIF;

(i) comhdhéanamh punainne agus bainistiú shaolré shócmhainní an ELTIF ar feadh shaolré an ELTIF.

Airteagal 3

Critéir chun an íostréimhse shealbhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2015/760 a chinneadh

1. Bainisteoir ELTIF a roghnaíonn íostréimhse shealbhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2015/760 a chinneadh, déanfaidh sé gach ceann de na nithe seo a leanas a mheas:

(a) cineál fadtéarmach agus straitéis infheistíochta an ELTIF;

(b) cineálacha sócmhainní foluiteacha an ELTIF, a bpróifíl leachtachta, agus a suíomh ina saolré;

(c) beartas infheistíochta an ELTIF, agus a mhéid a ghlacann an ELTIF páirt i mbeartas infheistíochta agus i rialachas na sócmhainní foluiteacha ina n-infheistíonn an ELTIF;

(d) bonn infheisteoirí an ELTIF agus:

(i) i gcás ina margaítear an ELTIF le hinfheisteoirí miondíola, comhchruinniú comhiomlán ionchasach na n-infheisteoirí miondíola;

(ii) an fhaisnéis maidir lena mhéid atá úinéireacht na n-infheisteoirí gairmiúla san ELTIF comhchruinnithe, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil;

(e) próifíl leachtachta an ELTIF;

(f) na nósanna imeachta chun sócmhainní an ELTIF a luacháil, agus an t-am is gá chun luacháil iontaofa, fhónta agus cothrom le dáta (bunaithe ar na sonraí is déanaí) a sholáthar;

(g) a mhéid a thugann nó a fhaigheann an ELTIF airgead ar iasacht, a mhéid a dheonaíonn sé iasachtaí, nó a mhéid a théann sé i mbun urrúis a thabhairt ar iasacht, urrúis a fháil ar iasacht, idirbhearta athcheannaigh, nó aon chomhaontú eile a bhfuil éifeacht choibhéiseach eacnamaíoch aige agus a bhfuil rioscaí comhchosúla ag gabháil leis;

(h) comhdhéanamh punainne agus éagsúlú an ELTIF;

(i) fad meánach agus meánfhad saolré, i gcás inarb infheidhme, shócmhainní phunann an ELTIF;

(j) fad agus saintréithe shaolré an ELTIF agus bheartas fuascailte an ELTIF;

(k) an tréimhse ama i gcás chéim infheistíochta straitéis infheistíochta an ELTIF;

(l) an bhfuil an íostréimhse shealbhaíochta, i gcás inarb infheidhme, comhsheasmhach agus i gcomhréir leis an am is gá chun infheistíocht ranníocaíochtaí caipitil an ELTIF a thabhairt i gcrích, agus go háirithe:

(i) an gcumhdaítear ar a laghad leis an íostréimhse shealbhaíochta sin céim infheistíochta thosaigh an ELTIF;

(ii) mura dtugann bainisteoir an ELTIF údar cuí leis, an maireann an íostréimhse shealbhaíochta ar a laghad go dtí go ndéanfar ranníocaíochtaí caipitil comhiomlána an ELTIF a infheistiú.

2. I gcás ina n-iarrfaidh údarás inniúil an ELTIF é, tabharfaidh bainisteoir an ELTIF údar d'údarás inniúil an ELTIF, go háirithe, ar bhonn na gcritéar a leagtar amach i mír 1, le hoiriúnacht fhad íostréimhse shealbhaíochta an ELTIF agus lena chomhoiriúnacht do nósanna imeachta luachála agus le beartas fuascailte an ELTIF.

Airteagal 4

An t-íosmhéid faisnéise faoin mbeartas fuascailte agus faoi na huirlisí bainistithe leachtachta atá le soláthar ag bainisteoir ELTIF d'údarás inniúil an ELTIF faoi Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2015/760

1. I gcás ina ndéanann ELTIF foráil maidir leis an bhféidearthacht fuascailtí a dhéanamh le linn shaolré an ELTIF, soláthróidh bainisteoir ELTIF an fhaisnéis uile seo a leanas d'údarás inniúil an ELTIF, tráth a údaraítear an ELTIF:

(a) beartas fuascailte an ELTIF, ina mbeidh an méid seo a leanas uile agus ina léireofar go soiléir é:

(i) faisnéis maidir le tréimhsiúlacht agus fad na bhfuascailtí;

(ii) tuairisc ar na huirlisí bainistithe leachtachta atá ar fáil, agus na coinníollacha maidir lena ngníomhachtú;

(iii) na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun fuascailtí a iarraidh agus chun na hiarrataí ar fhuascailt a fhaightear a phróiseáil;

(b) na heintitis atá freagrach as an bpróiseas fuascailte a bhainistiú agus an chaoi a ndéanfar na fuascailtí a dhoiciméadú;

(c) tuairisc ar an gcaoi a mbainisteofar sócmhainní agus dliteanais an ELTIF chun iarrataí ar fhuascailt a chomhlíonadh;

(d) tuairisc ar na nósanna imeachta, más ann dóibh, chun cosc a chur ar fhuascailtí a bheadh ina gcúis le héifeachtaí caolúcháin i gcás infheisteoirí;

(e) tuairisc ar nósanna imeachta luachála an ELTIF a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 19(3), an tríú fomhír, de Threoir 2011/61/AE, agus Airteagal 72 agus 74 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 231/2013 ón gCoimisiún ([6]);

(f) na torthaí, na toimhdí agus na hionchuir a úsáidtear le haghaidh tástálacha struis leachtachta, i gcás ina bhfuil tástálacha struis leachtachta den sórt sin le déanamh agus a luaithe atá siad le déanamh de bhun Airteagal 15(3), pointe (b), agus Airteagal 16(1), an dara fomhír, de Threoir 2011/61/AE, lena léirítear an bhfuil an ELTIF in ann iarrataí ar fhuascailt a láimhseáil agus conas atá sé in ann iad a láimhseáil, i gcásanna atá tromchúiseach ach sochreidte;

(g) an leachtacht a thairgtear d'infheisteoirí an ELTIF, agus próifílí leachtachta infheistíochtaí an ELTIF, faoi ghnáthdhálaí agus faoi dhálaí struis araon;

(h) faisnéis faoi chur chun feidhme na n-uirlisí bainistithe leachtachta;

(i) na heilimintí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den Rialachán seo;

(j) an cur chuige a úsáideann bainisteoir an ELTIF chun an t-uaschéatadán a chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2015/760 de réir na chéad fhomhíre d'Airteagal 5(5) den Rialachán seo;

(k) aon fhaisnéis eile a mheasann údarás inniúil an ELTIF a bheith ábhartha chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíonann beartas fuascailte an ELTIF agus na huirlisí bainistithe leachtachta na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2015/760.

2. Ar feadh shaolré an ELTIF, sula n-athróidh sé na heilimintí dá dtagraítear i mír 1, pointí (a)(i) nó (a)(ii) agus pointe (j), nó sula ndéanfaidh sé athrú ábharach ar na heilimintí dá dtagraítear i mír 1, pointe (a)(iii), tabharfaidh bainisteoir an ELTIF fógra i scríbhinn maidir leis an athrú sin d'údarás inniúil an ELTIF 1 mhí ar a laghad roimh an athrú sin, nó díreach tar éis athrú nárbh fhéidir a thuar nach raibh neart ag bainisteoir an ELTIF air. I gcás nach ngníomhaíonn an t-údarás inniúil sin laistigh de 20 lá féilire, measfar gur aontaigh sé leis an athrú sin.

([6]) IO L 83, 22.3.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2013/231/oj.

3. Ar feadh shaolré an ELTIF, déanfaidh bainisteoir ELTIF, arna iarraidh sin d'údarás inniúil an ELTIF, an fhaisnéis seo a leanas uile a sholáthar freisin:

(a) faisnéis mhionsonraithe cothrom le dáta i dtaobh an ndearnadh uirlisí bainistithe leachtachta an ELTIF a ghníomhachtú agus a úsáid chun iarrataí ar fhuascailt a bhainistiú, agus má rinneadh, cé na himthosca a bhí i gceist agus conas a rinneadh sin;

(b) torthaí cothrom le dáta ar na tástálacha struis leachtachta agus toimhdí agus ionchuir cothrom le dáta a úsáidtear le haghaidh na dtástálacha struis leachtachta arna ndéanamh, faoi dhálaí eisceachtúla agus faoi dhálaí anáis sa mhargadh araon;

(c) faisnéis cothrom le dáta dá dtagraítear i mír 1 i gcás athruithe ábharach ar an bhfaisnéis sin.

Airteagal 5

Ceanglais atá le comhlíonadh ag an ELTIF i ndáil lena bheartas fuascailte agus lena uirlisí bainistithe leachtachta, dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fomhír, pointí (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2015/760

1. I gcás ina ndéanann ELTIF foráil maidir leis an bhféidearthacht fuascailtí a dhéanamh le linn shaolré an ELTIF, beidh na heilimintí seo a leanas i mbeartas fuascailte an ELTIF:

(a) na dálaí ar dá réir is féidir fuascailtí a dheonú;

(b) an tréimhse ama inar féidir fuascailtí a dheonú;

(c) an mhinicíocht nó an tréimhsiúlacht ar dá réir is féidir fuascailtí a dheonú;

(d) na teorainneacha uainiúcháin, más ann dóibh, agus na nósanna imeachta agus na ceanglais is infheidhme maidir leis na fuascailtí, lena n-áirítear:

(i) an tréimhse fógra agus an síneadh leis an tréimhse fógra, más ann dó, agus tuairisc ar an gcaoi a n-aisíocfar infheisteoirí agus an tréimhse ama ar lena linn a aisíocfar iad;

(ii) na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le hiarrataí ar fhuascailtí;

(iii) ról agus freagrachtaí na n-eintiteas a bhfuil baint acu leis na nósanna imeachta;

(e) an féidir le hinfheisteoirí a iarraidh go gcealófar a n-iarrataí ar fhuascailt nár forghníomhaíodh go hiomlán agus an chaoi ar féidir leo déanamh amhlaidh;

(f) an bhforáiltear leis an ELTIF go bhféadfaí aisíocaíochtaí comhchineáil a dhéanamh as sócmhainní an ELTIF, dá dtagraítear in Airteagal 18(5) de Rialachán (AE) 2015/760;

(g) an bhfuil íostréimhse shealbhaíochta ag an ELTIF, arb íostréimhse í dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (a) de Rialachán (AE) 2015/760, agus má tá, fad na híostréimhse sealbhaíochta sin agus na coinníollacha a bhaineann léi;

(h) tuairisc ar na huirlisí bainistithe leachtachta atá ar fáil, agus ar na coinníollacha maidir lena ngníomhachtú;

(i) an céatadán dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2015/760.

Chun críocha phointe (h), i gcás ina margaítear an ELTIF le hinfheisteoirí miondíola, déanfar an tuairisc ar na huirlisí bainistithe leachtachta atá ar fáil a scríobh i dtéarmaí neamhtheicniúla a fhágfaidh go mbeidh tuiscint ag infheisteoirí miondíola ar na huirlisí sin.

2. Agus beartas fuascailte ELTIF á ghlacadh ag bainisteoir ELTIF, cuirfidh sé san áireamh na gnéithe uile seo a leanas den ELTIF chun measúnú a dhéanamh ar phróifíl leachtachta an ELTIF:

(a) comhdhéanamh phunann an ELTIF, lena n-áirítear na sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2015/760;

(b) saolré an ELTIF;

(c) próifíl leachtachta an ELTIF;

(d) na modhanna agus an próiseas doiciméadaithe chun sócmhainní an ELTIF a luacháil;

(e) dálaí an mhargaidh agus na teagmhais ábharacha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don fhéidearthacht a bheadh ann do bhainisteoir an ELTIF an beartas fuascailte a chur chun feidhme;

(f) an íostréimhse shealbhaíochta arna cinneadh ag bainisteoir an ELTIF i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán seo, agus na critéir a úsáidtear chun an íostréimhse shealbhaíochta sin a chinneadh, i gcás inarb infheidhme;

(g) na huirlisí bainistithe leachtachta atá ar fáil, a gcalabrú agus na coinníollacha maidir lena ngníomhachtú;

(h) an céatadán dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2015/760, agus na critéir a úsáidtear chun an céatadán sin a chinneadh;

(i) na tástálacha struis leachtachta, i gcás ina bhfuil na tástálacha struis leachtachta sin le déanamh de bhun Airteagal 15(3), pointe (b), agus Airteagal 16(1) de Threoir 2011/61/AE, agus torthaí na dtástálacha sin;

(j) an chaoi a gcosnófar leasanna infheisteoirí.

3. Ar feadh shaolré an ELTIF, beidh an beartas fuascailte fónta, dea-dhoiciméadaithe agus comhsheasmhach le straitéis infheistíochta agus próifíl leachtachta an ELTIF. Beidh gach ceann díobh seo a leanas comhsheasmhach le cineál agus leibhéal leachtachta shócmhainní foluiteacha an ELTIF:

(a) na gnéithe éagsúla den bheartas fuascailte, lena n-áirítear minicíocht na fuascailte;

(b) an íostréimhse shealbhaíochta, i gcás inarb infheidhme;

(c) an dáta dá dtagraítear in Airteagal 17(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2015/760;

(d) na huirlisí bainistithe leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2015/760.

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar bhailíocht an tomhais riosca agus ar an bhfaisnéis nua a fhaigheann bainisteoir an ELTIF i rith shaolré an ELTIF, cuirfidh bainisteoir an ELTIF san áireamh torthaí na cúltástála arna déanamh ar a thástálacha struis leachtachta, i gcás ina mbeidh an chúltástáil sin le déanamh de bhun Airteagal 45(3), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 231/2013.

4. I gcás ina dtarlaíonn fuascailtí níos minice ná ar bhonn ráithiúil, tabharfaidh bainisteoir an ELTIF údar d'údarás inniúil an ELTIF maidir le hoiriúnacht mhinicíocht na fuascailte agus maidir lena comhoiriúnacht do ghnéithe aonair an ELTIF.

5. Beidh an céatadán dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2015/760 ina chuid lárnach de bheartas fuascailte an ELTIF. Déanfaidh bainisteoir an ELTIF an céatadán sin a chalabrú dá rogha féin ar bhonn ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) minicíocht fuascailte agus tréimhse fógra an ELTIF, lena n-áirítear síneadh a chur leis an bhfógra, más ann dó, agus sin ag brath ar an rogha a roghnóidh bainisteoir an ELTIF as measc na dtrí rogha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo; nó

(b) minicíocht fuascailte agus íoschéatadán na sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2015/760, mar a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

6. Chun uasmhéid na fuascailte ar dháta fuascailte ar leith a chinneadh, cuirfidh bainisteoir an ELTIF an céatadán dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2015/760, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I nó in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, i bhfeidhm maidir le suim na nithe seo a leanas:

(a) na sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (b) de Rialachán (AE) 2015/760 ar an dáta fuascailte sin; agus

(b) an sreabhadh airgid ionchasach, arna thuar ar bhonn stuama thar 12 mhí.

Chun críocha phointe (b), ní chuirfidh bainisteoir an ELTIF san áireamh ach an sreabhadh airgid dearfach ionchasach sin ar féidir leis an mbainisteoir ELTIF a léiriú ina leith go bhfuil ardleibhéal cinnteachta ann go dtiocfaidh ann dóibh. Ní mheasfaidh bainisteoir an ELTIF gur sreabhadh airgid dearfach ionchasach é an fhéidearthacht gur féidir leis an ELTIF caipiteal a thiomsú trí shíntiúis nua.

7. I gcás ina ndéantar an céatadán dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2015/760 a chalabrú ar bhonn mhír 5, pointe (b), agus i gcás ina dtiteann méid shócmhainní an ELTIF dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (b) de Rialachán (AE) 2015/760 faoi bhun na dtairseach a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfaidh an bainisteoir ELTIF, laistigh de thréimhse ama is iomchuí i gcás an ELTIF sin, na bearta is gá chun an t-íoschéatadán de na sócmhainní leachtacha a athbhunú, agus cumas infheisteoirí á choinneáil ar bun san am céanna ó thaobh a n-aonaid nó a scaireanna a fhuascailt, agus leasanna na n-infheisteoirí san ELTIF á gcur i gcuntas go cuí.

8. I gcás inar lú ná 3 mhí tréimhse fógra an ELTIF, lena n-áirítear síneadh na tréimhse fógra, más ann di, cuirfidh bainisteoir an ELTIF údarás inniúil an ELTIF ar an eolas faoi sin, lena n-áirítear na cúiseanna le tréimhse fógra is giorra den sórt sin, agus míneoidh sé an chaoi a bhfuil an tréimhse fógra is giorra sin i gcomhréir le gnéithe aonair an ELTIF.

9. Ní bheidh ceanglas ar bhainisteoir ELTIF ach féadfaidh sé, dá rogha féin, uirlis bainistithe leachtachta frithchaolúcháin amháin ar a laghad a roghnú agus a chur chun feidhme as measc aon cheann de na huirlisí bainistithe leachtachta frithchaolúcháin seo a leanas:

(a) tobhaigh frithchaolúcháin;

(b) luascphraghsáil;

(c) táillí fuascailte.

I dteannta na n-uirlisí bainistithe leachtachta frithchaolúcháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh bainisteoir an ELTIF, dá rogha féin, uirlisí bainistithe leachtachta eile a roghnú agus a chur chun feidhme freisin. I gcás den sórt sin, déanfaidh bainisteoir an ELTIF, arna iarraidh sin d'údarás inniúil an ELTIF, faisnéis a sholáthar d'údarás inniúil an ELTIF maidir leis an gcúis, ar bhonn ghnéithe an ELTIF dá dtagraítear i mír 2, nach bhfuil na huirlisí bainistithe leachtachta frithchaolúcháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír leordhóthanach don ELTIF sonrach sin nó maidir leis an gcúis a mbeadh sraith eile d'uirlisí bainistithe leachtachta níos iomchuí, agus leasanna an ELTIF agus a infheisteoirí á gcur san áireamh.

10. Féadfaidh údarás inniúil, arna iarraidh sin do bhainisteoir an ELTIF, an ELTIF nach féidir a mhargú ach amháin le hinfheisteoirí gairmiúla a dhíolmhú ón oibleagáid an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 8 agus i mír 9, an dara fomhír, a sholáthar don údarás inniúil sin.

Airteagal 6

Critéir chun an céatadán dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2015/760 a chinneadh

1. Agus an céatadán dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2015/760 á chinneadh, cuirfidh bainisteoir an ELTIF gach ceann de na heilimintí seo a leanas san áireamh:

(a) próifíl leachtachta, sócmhainní agus dliteanais, rioscaí neamhréireanna leachtachta, agus insreabhadh agus eis-sreabhadh ionchasach an ELTIF;

(b) saolré shócmhainní an ELTIF, saolré an ELTIF, cobhsaíocht fhoriomlán straitéis infheistíochta an ELTIF ar feadh a shaolré agus na himeachtaí margaidh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don ELTIF;

(c) minicíocht phleanáilte agus ionchasach fhuascailtí an ELTIF agus na rioscaí a bhaineann le héifeachtaí caolúcháin na bhfuascailtí sin d'infheisteoirí;

(d) infhaighteacht agus cineál na n-uirlisí bainistithe leachtachta atá ann cheana;

(e) feidhmíocht airgeadais ELTIF, lena n-áirítear an sreabhadh airgid saor agus clár comhardaithe ELTIF;

(f) na himthosca agus na coinníollacha féideartha margaidh a dhéanfadh difear don ELTIF nuair a shocraítear an céatadán, agus a mhéid is féidir aonaid nó scaireanna an ELTIF a fhuascailt sna himthosca agus sna coinníollacha margaidh sin;

(g) infhaighteacht faisnéise iontaofa maidir le luacháil shócmhainní an ELTIF;

(h) cobhsaíocht, straitéis infheistíochta agus comhdhéanamh punainne an ELTIF ar feadh shaolré an ELTIF tar éis fuascailtí;

(i) faisnéis ábhartha eile, bunaithe ar imthosca an ELTIF agus ar a shócmhainní agus ar a straitéis infheistíochta, is gá chun an céatadán sin a chinneadh i ndálaí anáis sa mhargadh agus i ngnáthdhálaí an mhargaidh.

2. Cinnfidh bainisteoir ELTIF céatadán na bhfuascailtí ceadaithe dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2015/760 i gcomhréir le beartas fuascailte agus nósanna imeachta luachála an ELTIF, agus i gcomhréir le hAirteagal 5(6) den Rialachán seo.

Airteagal 7

Iarrataí ar aistriú a mheaitseáil dá dtagraítear in Airteagal 19(2a) de Rialachán (AE) 2015/760

1. I gcás ina ndéanann ELTIF foráil maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfaí, le linn shaolré an ELTIF, iarrataí ar aistriú aonaid nó scaireanna an ELTIF ó infheisteoirí imeachta a lán-mheaitseáil nó a pháirt-mheaitseáil le hiarrataí ar aistriú ó infheisteoirí féideartha, beidh na nithe uile seo a leanas sa bheartas meaitseála iarrataí:

(a) formáid, próiseas, agus uainiú na meaitseála;

(b) minicíocht nó tréimhsiúlacht na tréimhse meaitseála, agus fad na tréimhse sin;

(c) na dátaí déileála;

(d) na ceanglais chun iarrataí ar cheannach agus ar imeacht a chur isteach, lena n-áirítear na sprioc-amanna chun iarrataí den sórt sin a chur isteach;

(e) na tréimhsí socraíochta agus íocaíocht amach;

(f) aon choimirce chun aon arbatráiste a sheachaint a d'fhéadfadh a bheith in aghaidh leas infheisteoirí mar gheall ar neamhshiméadracht na faisnéise ar gné dhílis í d'iarrataí ar aistriú a mheaitseáil;

(g) i gcás ina bhforchuireann bainisteoir an ELTIF tréimhse fógra chun iarrataí ar cheannach agus ar imeacht a fháil, na mionsonraí maidir le tréimhse fógra den sórt sin.

I gcás ina ndéanann ELTIF foráil maidir leis an bhféidearthacht fuascailtí a dhéanamh le linn shaolré an ELTIF dá dtagraítear in Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2015/760, leis an mbeartas meaitseála iarrataí leagfar amach go soiléir na difríochtaí idir na fuascailtí sin agus an mheaitseáil dá dtagraítear in Airteagal 19(2a) den Rialachán sin, go háirithe a mhéid a bhaineann le minicíocht, le tréimhsí, le praghas forghníomhaithe, agus le tréimhse fógra na meaitseála sin, agus beidh na critéir shonracha ann chun an praghas forghníomhaithe a chinneadh i gcás meaitseála.

2. Na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le hiarrataí a mheaitseáil, beidh siad fónta, iomchuí maidir le ELTIF agus a infheisteoirí, agus is é a bheidh d'aidhm acu coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu.

Airteagal 8

An praghas forghníomhaithe agus na coinníollacha *pro rata* a chinneadh i gcás ina ndéantar aistrithe a mheaitseáil dá dtagraítear in Airteagal 19(2a) de Rialachán (AE) 2015/760, agus leibhéal na dtáillí, na gcostas agus na muirear, más ann dóibh, a bhaineann leis an aistriú

1. Féadfaidh bainisteoir ELTIF an praghas forghníomhaithe dá dtagraítear in Airteagal 19(2a), pointe (a)(iv), de Rialachán (AE) 2015/760 a chinneadh trí úsáid a bhaint as an nglanluach sócmhainne nó as modhanna eile chun praghsanna a chinneadh, ar choinníoll go n-áirithítear cóir chothrom na n-infheisteoirí uile, lena n-áirítear infheisteoirí imeachta agus infheisteoirí a bheadh fágtha sa ELTIF, go háirithe i gcás ina gceadaíonn an ELTIF fuascailtí dá dtagraítear in Airteagal 18(2) den Rialachán sin.

2. I gcás ina bhfuil an praghas forghníomhaithe dá dtagraítear in Airteagal 19(2a), pointe (a)(iv), de Rialachán (AE) 2015/760 bunaithe ar an nglanluach sócmhainne, déanfaidh bainisteoir ELTIF meaitseáil na n-iarrataí ar aistriú a ailíniú le dátaí luachála an ELTIF. I gcás nach bhfuil an praghas forghníomhaithe sin bunaithe ar an nglanluach sócmhainne, cuirfidh bainisteoir ELTIF an mheaitseáil sin chun feidhme lasmuigh de dhátaí luachála an ELTIF.

3. I gcás ina ndéanann ELTIF foráil maidir leis an bhféidearthacht fuascailtí a dhéanamh le linn shaolré an ELTIF dá dtagraítear in Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2015/760, leagfaidh an ELTIF amach na rialacha lena gcinntear aon táille scoir nó cheannaigh a bhaineann le hiarrataí ar aistriú a mheaitseáil.

4. Maidir leis an gceanglas, a leagtar síos in Airteagal 19(2a), pointe (b), de Rialachán (AE) 2015/760, i gcás ina bhfuil neamhréir idir infheisteoirí atá ann cheana agus infheisteoirí féideartha, go bhfuil an mheaitseáil le déanamh ar bhonn *pro rata*, sonrófar na nithe uile seo a leanas le beartas meaitseála iarrataí an ELTIF:

(a) i gcás ina mbeidh orduithe ceannaigh ann ach nach mbeidh aon ordú díola ann, nó *vice versa*, an ndéanfar na hiarrataí a chealú nó a thabhairt anonn;

(b) i gcás ina bhfuil orduithe scoir níos ísle ná orduithe ceannaigh, go dtugtar na horduithe scoir i gcrích agus maidir leis na horduithe ceannaigh atá le comhlíonadh go roghnaítear iad ar bhonn an chritéir arna bhunú ag bainisteoir an ELTIF, agus an dtugtar na horduithe ceannaigh iomarcacha anonn agus, má thugtar, cá fhad;

(c) i gcás ina bhfuil orduithe scoir níos airde ná orduithe ceannaigh, go bhforghníomhaíonn bainisteoir an ELTIF na horduithe scoir ar bhonn an chritéir arna bhunú ag bainisteoir an ELTIF, agus an dtugtar na horduithe scoir iomarcacha anonn agus, má thugtar, cá fhad.

Na rialacha lena sonraítear an chaoi a ndéanfar meaitseáil ar bhonn *pro rata*, beidh siad bunaithe ar mhéid gach ordaithe scoir agus cuirfear san áireamh iontu sócmhainní infhaighte an ELTIF agus gnéithe an ELTIF.

Airteagal 9

Faisnéis nach mór do ELTIFanna a nochtadh d'infheisteoirí nuair a dhéantar aistrithe a mheaitseáil dá dtagraítear in Airteagal 19(2a) de Rialachán (AE) 2015/760 agus uainiú an nochta sin

1. San fhaisnéis atá le nochtadh ag ELTIFanna d'infheisteoirí agus aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 19(2a) de Rialachán (AE) 2015/760 á meaitseáil acu, beidh na nithe uile seo a leanas, de réir mar is infheidhme, agus sin ag brath ar cé acu atá an praghas forghníomhaithe bunaithe ar ghlanluach sócmhainne nó nach bhfuil:

(a) dátaí déileála réamhshocraithe agus tréimhsí socraíochta nó íocaíocht amach;

(b) sprioc-amanna maidir le horduithe ceannaigh nó scoir a chur isteach;

(c) an mhinicíocht ar dá réir atá an mheaitseáil ar fáil;

(d) i gcás ina ríomhtar an praghas forghníomhaithe trí úsáid a bhaint as modhanna nó as uirlisí atá éagsúil leis an nglanluach sócmhainne, na critéir shonracha arb ar a mbonn a chinnfear an praghas forghníomhaithe agus an bealach a gcuirfear infheisteoirí ar an eolas faoi sin;

(e) aon táille scoir nó shuibscríbhinne, muirear nó costas a bhaineann le hiarrataí ar aistriú a mheaitseáil, ar táillí, muirir nó costais iad atá le híoc ag infheisteoirí atá ann cheana nó ag infheisteoirí féideartha;

(f) aon tréimhse fógra chun orduithe ceannaigh nó scoir a fháil;

(g) cathain, cé agus conas a chuirfear infheisteoirí nua ar an eolas go bhfuil aonaid nó scaireanna an ELTIF faighte acu, agus cathain agus conas a gheobhaidh na hinfheisteoirí imeachta an méid comhfhreagrach dá n-aonaid nó dá scaireanna den ELTIF;

(h) na rialacha lena sonraítear an chaoi a ndéanfar meaitseáil ar bhonn *pro rata* agus na coinníollacha faoina ndéanfar an mheaitseáil sin.

I gcás ina ndéanann ELTIF foráil maidir leis an bhféidearthacht fuascailtí a dhéanamh le linn shaolré an ELTIF, dá dtagraítear in Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2015/760, cuirfidh bainisteoir ELTIF infheisteoirí ar an eolas faoi na difríochtaí idir na fuascailtí sin agus an mheaitseáil dá dtagraítear in Airteagal 19(2a) den Rialachán sin, agus go háirithe, faoi mhinicíocht, tréimhsí, praghas forghníomhaithe agus tréimhse fógra na meaitseála.

2. Coinneoidh bainisteoir an ELTIF an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 cothrom le dáta.

Airteagal 10

Critéir chun measúnú a dhéanamh ar an margadh i gcás ceannaitheoirí ionchasacha

Chun críocha Airteagal 21(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2015/760, déanfaidh bainisteoir ELTIF measúnú ar gach ceann de na heilimintí seo a leanas maidir le gach sócmhainn ina n-infheistíonn ELTIF:

(a) an bhfuil ceannaitheoir ionchasach amháin nó níos mó sa mhargadh;

(b) an bhfuil coinne ag bainisteoir an ELTIF, bunaithe ar mheasúnú arna dhéanamh le scil, cúram agus dícheall cuí tráth a chuirtear i gcrích an sceideal mionsonraithe dá dtagraítear in Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2015/760, go mbeidh ceannaitheoirí ionchasacha ag brath ar mhaoiniú seachtrach chun an tsócmhainn lena mbaineann a cheannach;

(c) i gcás nach bhfuil aon cheannaitheoir láithreach ann le haghaidh sócmhainne, an fad ama is dócha a bheidh ag teastáil chun teacht ar cheannaitheoir amháin nó níos mó le haghaidh na sócmhainne sin;

(d) próifíl aibíochta shonrach na sócmhainne;

(e) an bhfuil coinne ag bainisteoir an ELTIF, bunaithe ar mheasúnú arna dhéanamh le scil, cúram agus dícheall cuí tráth a chuirtear i gcrích an sceideal mionsonraithe dá dtagraítear in Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2015/760, go dtiocfaidh na rioscaí seo a leanas chun cinn:

   (i) rioscaí a bhaineann le hathruithe reachtacha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don mhargadh do cheannaitheoirí ionchasacha;

   (ii) rioscaí polaitiúla a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don mhargadh do cheannaitheoirí ionchasacha;

(f) an bhféadfadh dálaí eacnamaíocha foriomlána sa mhargadh nó sna margaí atá ábhartha don tsócmhainn drochthionchar a imirt ar na heilimintí dá dtagraítear i bpointe (a) agus (b) le linn na tréimhse diúscartha.

Airteagal 11

Critéir chun luacháil a dhéanamh ar na sócmhainní atá le dídhílsiú

1. Chun críocha Airteagal 21(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2015/760, cuirfidh bainisteoir ELTIF tús le luacháil na sócmhainní atá le dídhílsiú roimh an sprioc-am dá dtagraítear in Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2015/760 agus tabharfaidh sé an luacháil sin i gcrích laistigh de thréimhse nach faide ná 6 mhí roimh an sprioc-am sin.

2. Féadfaidh bainisteoir ELTIF luachálacha arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2011/61/AE a chur san áireamh i gcás ina mbeidh luacháil den sórt sin tugtha i gcrích tráth nach déanaí ná 6 mhí roimh an sprioc-am dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 12

Sainmhínithe, modheolaíochtaí ríofa agus formáidí láithreoireachta comhchoiteanna na gcostas

1. Sna costais chun ELTIF a bhunú, dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2015/760, beidh na costais riaracháin, rialála, taisce, coinneála, seirbhíse gairmiúla, iniúchta uile agus na costais uile eile a bhaineann le ELTIF a bhunú, gan beann ar cibé acu a íoctar na costais sin le bainisteoir an ELTIF nó le tríú páirtí.

2. Sna costais a bhaineann le sócmhainní a fháil dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2015/760, beidh na costais riaracháin, rialála, taisce, coinneála, seirbhíse gairmiúla, iniúchta uile agus costais eile a bhaineann le sócmhainní an ELTIF a fháil, gan beann ar cibé acu a íoctar na costais sin le bainisteoir an ELTIF nó le tríú páirtí.

3. Sna táillí bainistíochta agus na táillí a bhaineann le feidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2015/760, beidh na híocaíochtaí uile le bainisteoir an ELTIF, lena n-áirítear íocaíochtaí le haon duine ar tarmligeadh an fheidhm chomhfhreagrach chuige, cé is moite d'aon táille a bhaineann leis na sócmhainní dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a fháil.

4. Sna costais dáileacháin dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2015/760, beidh na costais riaracháin, rialála, seirbhíse gairmiúla agus iniúchta uile a bhaineann le dáileadh.

5. Sna costais eile, dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2015/760, beidh na nithe uile seo a leanas leo mura n-aicmítear na costais sin faoi mhíreanna 1 go 4 den Airteagal seo:

(a) íocaíochtaí leis na daoine nó leis na heintitis seo a leanas, lena n-áirítear aon duine ar tharmlig na daoine nó na heintitis sin aon fheidhm chuige;

  (i) an taiscí;

  (ii) na coimeádaithe;

  (iii) aon chomhairleoir airgeadais;

  (iv) soláthraithe luachála, seirbhísí cuntasaíochta ciste, agus riaracháin cistí;

  (v) soláthraithe bainistithe maoine agus soláthraithe seirbhísí comhchosúla;

  (vi) soláthraithe eile a chuireann faoi deara costais idirbhirt;

  (vii) soláthraithe seirbhíse príomhbhróicéireachta;

  (viii) soláthraithe seirbhísí bainistíochta comhthaobhachtaí;

  (ix) gníomhairí um urrúis a thabhairt ar iasacht;

  (x) comhairleoirí dlí agus gairmiúla;

(b) táillí soláthair maidir le láimhseáil shonrach gnóthachan agus caillteanas;

(c) costais oibriúcháin faoi shocrú maidir le comhroinnt táillí le tríú páirtí;

(d) táillí iniúchta, clárúcháin agus rialála.

Ní áireofar sna costais dá dtagraítear sa chéad fhomhír na costais a bhaineann le ELTIF a bhunú dá dtagraítear i mír 1, an chuid tosaigh de na costais a bhaineann leis na sócmhainní dá dtagraítear i mír 2 a fháil, an chuid tosaigh de na costais dáileacháin dá dtagraítear i mír 4 agus na táillí bainistíochta agus na táillí a bhaineann le feidhmíocht dá dtagraítear i mír 3.

6. Na costais dá dtagraítear i mír 5, sloinnfear iad ina gcéatadán de ghlanluach sócmhainne an ELTIF thar thréimhse 1 bhliana.

7. Is éard a bheidh i gcóimheas costais foriomlán an ELTIF dá dtagraítear in Airteagal 25(2) de Rialachán (AE) 2015/760 an cóimheas idir na costais iomlána agus glanluach sócmhainne an ELTIF in aghaidh na bliana agus ríomhfar é mar a leanas:

(a) déanfar cóimheas costais foriomlán an ELTIF a shloinneadh ina chéatadán go dtí dhá ionad de dheachúlacha;

(b) beidh cóimheas costais foriomlán an ELTIF bunaithe ar na ríomhanna costais is déanaí a dhéanfaidh bainisteoir an ELTIF agus déanfar iad a ríomh agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil;

(c) déanfar measúnú ar na costais ar bhonn 'na cánacha uile san áireamh'.

Airteagal 13

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

An t-uaschéatadán dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2015/760 a chinneadh mar fheidhm de chuid mhinicíocht fuascailte agus thréimhse fógra an ELTIF, lena n-áirítear síneadh a chur leis an tréimhse fógra, más ann di ('Tréimhse Fógra')

Rogha 1 – Rogha bhonnlíne

Tréimhse fógra / Minicíocht fuascailte	Gan tréimhse fógra	Tréimhse fógra 2 sheachtain	Tréimhse fógra 1 mhíosa	Tréimhse fógra 3 mhí	Tréimhse fógra 6 mhí	Tréimhse fógra 9 mí	Tréimhse fógra 12 mhí
12 mhí	100,0 %	100,0 %	100,0 %	100,0 %	100,0 %	100,0 %	100,0 %
6 mhí	50,0 %	52,2 %	54,5 %	66,7 %	100,0 %	100,0 %	100,0 %
3 mhí	25,0 %	26,1 %	27,3 %	33,3 %	50,0 %	100,0 %	100,0 %
2 mhí	16,7 %	17,4 %	18,2 %	22,2 %	33,3 %	66,7 %	100,0 %
1 mhí	8,3 %	8,7 %	9,1 %	11,1 %	16,7 %	33,3 %	100,0 %
Go coicísiúil	4,2 %	4,3 %	4,5 %	5,6 %	8,3 %	16,7 %	100,0 %
Go seachtainiúil	1,9 %	2,0 %	2,1 %	2,6 %	3,8 %	7,7 %	100,0 %

Rogha 2 – Comhiomlánú ar bhonn 1 mhí

Tréimhse fógra / Minicíocht fuascailte	Gan tréimhse fógra	Tréimhse fógra 2 sheachtain	Tréimhse fógra 1 mhíosa	Tréimhse fógra 3 mhí	Tréimhse fógra 6 mhí	Tréimhse fógra 9 mí	Tréimhse fógra 12 mhí
12 mhí	100,0 %	100,0 %	100,0 %	100,0 %	100,0 %	100,0 %	100,0 %
6 mhí	50,0 %	52,2 %	54,5 %	66,7 %	100,0 %	100,0 %	100,0 %
3 mhí	25,0 %	26,1 %	27,3 %	33,3 %	50,0 %	100,0 %	100,0 %
2 mhí	16,7 %	17,4 %	18,2 %	22,2 %	33,3 %	66,7 %	100,0 %
1 mhí nó níos minice ná 1 mhí	Ar bhonn comhiomlán, le linn tréimhse 1 mhíosa: 8,3 %	Ar bhonn comhiomlán, le linn tréimhse 1 mhíosa: 8,7 %	Ar bhonn comhiomlán, le linn tréimhse 1 mhíosa: 9,1 %	Ar bhonn comhiomlán, le tinn tréimhse 1 mhíosa 11,1 %	Ar bhonn comhiomlán, le linn tréimhse 1 mhíosa 16,7 %	Ar bhonn comhiomlán, le linn tréimhse 1 mhíosa 33,3 %	Ar bhonn comhiomlán, le linn tréimhse 1 mhíosa 100 %

Rogha 3 – Comhiomlánú ar bhonn 2 mhí

Tréimhse fógra / Minicíocht fuascailte	Gan tréimhse fógra	Tréimhse fógra 2 sheachtain	Tréimhse fógra 1 mhíosa	Tréimhse fógra 3 mhí	Tréimhse fógra 6 mhí	Tréimhse fógra 9 mí	Tréimhse fógra 12 mhí
12 mhí	100,0 %	100,0 %	100,0 %	100,0 %	100,0 %	100,0 %	100,0 %
6 mhí	50,0 %	52,2 %	54,5 %	66,7 %	100,0 %	100,0 %	100,0 %
3 mhí	25,0 %	26,1 %	27,3 %	33,3 %	50,0 %	100,0 %	100,0 %
2 mhí nó níos minice ná 2 mhí	Ar bhonn comhiomlán, le linn tréimhse 2 mhí: 16,7 %	Ar bhonn comhiomlán, le linn tréimhse 2 mhí: 17,4 %	Ar bhonn comhiomlán, le linn tréimhse 2 mhí: 18,2 %	Ar bhonn comhiomlán, le linn tréimhse 2 mhí: 22,2 %	Ar bhonn comhiomlán, le linn tréimhse 2 mhí: 33,3 %	Ar bhonn comhiomlán, le linn tréimhse 2 mhí: 66,7 %	Ar bhonn comhiomlán, le linn tréimhse 2 mhí: 100 %

IARSCRÍBHINN II

An t-uaschéatadán dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2015/760 a chinneadh mar fheidhm de chuid mhinicíocht fuascailte agus íoschéatadán na sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (b) den Rialachán sin

Minicíocht fuascailte	Íoschéatadán na sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (b)	An t-uaschéatadán dá dtagraítear in Airteagal 18(2), an chéad fhomhír, pointe (d)
12 mhí agus annaimhe	10 %	100 %
6 mhí	15 %	67 %
3 mhí	20 %	50 %
1 mhí nó níos minice	25 %	20 %, arna chur i bhfeidhm ar bhonn comhiomlán míosúil